Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Márta 2023
(OR. en)

7389/23
PV CONS 11
SOC 179
EMPL 128
SAN 137
CONSOM 79

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí)

13 agus 14 Márta 2023

# CLÁR

**Leathanach**


1. Glacadh an chláir oibre ........................................................ 4

2. Formheas na míreanna 'A' ........................................................ 4
Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha

FOSTAÍOCHT AGUS BEARTAS SÓISIALTA

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. Seimeastar Eorpach 2023 ........................................................ 5
(a) An Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht
(b) Conclúidí maidir leis an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023 agus maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht

4. Bliain amháin ó thosaigh cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine: An staid fostaíochta agus shóisialta san Aontas Eorpach, le béim ar staid mhargadh an tsaothair do dhaoine atá easáitithe go sealadach ón Úcráin ........................................................ 5

5. Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Foréigean agus Ciapadh 2019 (Uimh. 190), a dhaingniú ........................................................ 5

**Aon ghnó eile**

6. (a) Cláir Oibre 2023 an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta ........................................................ 6
(b) Cur i láthair na moltaí a eascraíonn as misean an Chomhairleora Speisialta Asscher maidir leis an Úcráin ........................................................ 6
(c) Tograí reachtacha reatha
(i) Cinneadh maidir le Bliain Eorpach na Scileanna 2023 – gníomhaíochtaí pleanáilte agus obair le páirtithe leasmhara ........................................................ 6
(ii) Treoir lena leasaítear Treoracha 98/24/CE agus 2004/37/CE a mhéid a bhaineann leis na teorainnluachanna do luaidhe agus a comhdhúile neamhorgánacha agus a dé-isicianáití ........................................................ 6
(d) Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe ........................................................ 7
(e) Tuarascáil ón ngrúpa Ardleibhéil maidir le todhchaí na cosanta sóisialta agus an stáit leasa san Aontas ........................................................ 7
(f) Fóram Sóisialta Porto (Porto, an 25 go dtí an 27 Bealtaine 2023) ........................................................ 7
(g) Cruinniú Mullaigh Sóisialta Trípháirteach (an Bhruiséil, an 22 Márta) ........................................................ 7

SLÁINTE

**Plé reachtach**

7. Rialachán maidir le táillí agus muirir is iníoctha leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) ........ 8

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

8. Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais Eorpaigh........ 8

**Aon ghnó eile**

9. (a) Cur chun feidhme na Rialachán Feistí Leighis ........ 8
(b) Caibidlíocht le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí agus le haghaidh leasuithe comhlántacha ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) ........ 9
(c) Comhordú agus comhoibriú maidir le coinníoll tar éis COVID-19 (COVID fadmharthanach)........ 9
(d) Ganntanais cógas i margadh an Aontais ........ 9

IARSCRÍBHINN – Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle........ 10

***

**<u>CRUINNIÚ DÉ LUAIN, AN 13 MÁRTA 2023</u>**

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac <u>an Chomhairle</u> an clár oibre a leagtar amach in 7050/23.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha** 7169/23

Ghlac <u>an Chomhairle</u> gach mír 'A' a liostaítear in 7169/23, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

FOSTAÍOCHT AGUS BEARTAS SÓISIALTA

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**3. Seimeastar Eorpach 2023** [2] 6683/23
*Malartú tuairimí*

Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir leis an Seimeastar Eorpach, faoi threoir nóta ón Uachtaránacht in 6683/23.

**a) An Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht** 6059/23
*Glacadh*

Ghlac an Chomhairle an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, mar a leagtar amach in 6059/23 í.

**b) Conclúidí maidir leis an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023 agus maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht** 6681/23
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na Conclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil 2023 don Fhás Inbhuanaithe agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht mar a leagtar amach in 6681/23 iad.

**4. Bliain amháin ó thosaigh cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine: An staid fostaíochta agus shóisialta san Aontas Eorpach, le béim ar staid mhargadh an tsaothair do dhaoine atá easáitithe go sealadach ón Úcráin[1]** [2] 6686/2/23 REV 2
*Malartú tuairimí*

Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir leis an staid fostaíochta agus shóisialta san Aontas, ag díriú ar staid mhargadh an tsaothair i gcás daoine arna n-easáitiú go sealadach ón Úcráin, faoi threoir nóta ón Uachtaránacht in 6686/2/23 REV 2.

5. Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Foréigean agus Ciapadh 2019 (Uimh. 190), a dhaingniú [C] 6685/23
*Malartú tuairimí*

---

[1] Agus Comhairleoir Speisialta an Choimisinéara Schmit maidir leis an Úcráin, Aire Beartais Shóisialta na hÚcráine agus Leas-Aire na Lánpháirtíochta Eorpaí san Úcráin i láthair.

**Aon ghnó eile**

6. (a) **Cláir oibre 2023 an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC)** 6674/23 6687/23
*Faisnéis ó na Cathaoirligh faoi seach*

Cuireadh an Chomhairle ar an eolas faoi Chlár Oibre an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta le haghaidh 2023, mar a leagtar amach in 6674/23 agus in 6687/23 iad.

b) **Cur i láthair na moltaí a eascraíonn as misean an Chomhairleora Speisialta Asscher maidir leis an Úcráin**[2] 6841/23
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Cuireadh an Chomhairle ar an eolas faoi na moltaí a d'eascair as misean an Chomhairleora Speisialta Asscher san Úcráin, bunaithe ar 6841/23.

(c) **Tograí reachtacha reatha**
(plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

(i) **Cinneadh maidir le Bliain Eorpach na Scileanna 2023 – gníomhaíochtaí pleanáilte agus obair le páirtithe leasmhara** 13365/22 + COR 1
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus maidir leis an obair leis na geallsealbhóirí i gcomhthéacs Bhliain Eorpach na Scileanna.

(ii) **Treoir lena leasaítear Treoracha 98/24/CE agus 2004/37/CE a mhéid a bhaineann leis na teorainnluachanna do luaidhe agus a comhdhúile neamhorgánacha agus a dé-isicianáití** 6417/23 + ADD 1
*Cur i láthair ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir leis an togra le haghaidh Treoir lena leasaítear na teorainnluachanna atá ann cheana do luaidhe agus a comhdhúile neamhorgánacha agus a dé-isicianáítí, mar a leagtar amach in 6417/23 + ADD 1 í.

---

[2] Is é Comhairleoir Speisialta an Choimisinéara Schmit maidir leis an Úcráin a chuir faisnéis ar fáil. Agus Aire Beartais Shóisialta na hÚcráine agus Leas-Aire na Lánpháirtíochta Eorpaí san Úcráin i láthair.

d) **Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe** 5980/23
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Chuir an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas faoina Thuarascáil maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe, ar bhonn 5980/23.

e) **Tuarascáil ón ngrúpa Ardleibhéil maidir le todhchaí na cosanta sóisialta agus an stáit leasa san Aontas** 6816/23
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Cuireadh an Chomhairle ar an eolas faoin Tuarascáil ón ngrúpa Ardleibhéil maidir le todhchaí na cosanta sóisialta agus an stáit leasa san Aontas, ar bhonn 6816/23.

f) **Fóram Sóisialta Porto (Porto, an 25 go dtí an 27 Bealtaine 2023)** 6912/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Portaingéile*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Portaingéile ar fáil maidir le Fóram Sóisialta Porto, ar bhonn 6912/23.

g) **Cruinniú Mullaigh Sóisialta Trípháirteach (an Bhruiséil, an 22 Márta)** 6786/23
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas faoin gCruinniú Mullaigh Sóisialta Tríthaobhach a thionólfar an 22 Márta 2023, ar bhonn 6786/23.

**CRUINNIÚ DÉ MÁIRT, AN 14 MÁRTA 2023**

SLÁINTE

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**7. Rialachán maidir le táillí agus muirir is iníoctha leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA)** ❶C 6089/23
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle i ndáil leis an Rialachán maidir le táillí agus muirir is iníoctha leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach, agus tháinig sí ar chomhaontú maidir leis an mbealach chun cinn a mhol an Uachtaránacht ina nóta stiúrtha. Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag roinnt toscaireachtaí.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**8. Straitéis Sláinte Dhomhanda an Aontais Eorpaigh[3]** 2 6090/23
*Malartú tuairimí*

Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir le Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais Eorpaigh. Tá ráiteas ó thoscaireachtaí na Bulgáire, na Polainne, na Liotuáine agus na hUngáire i gceangal leis na miontuairiscí seo ón gComhairle.

**Aon ghnó eile**

**9. (a) Cur chun feidhme na Rialachán Feistí Leighis** 2 6484/23
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir le cur chun feidhme na Rialachán Feistí Leighis, agus a raibh ag roinnt toscaireachtaí chomh maith.

[3] Agus Stiúrthóir an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) i láthair.

**(b) Caibidlíocht le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí agus le haghaidh leasuithe comhlántacha ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005)** 6405/23
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún maidir leis an gcaibidlíocht i gcomhair comhaontú idirnáisiúnta maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí, chomh maith le leasuithe comhlántacha ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005).

**c) Comhordú agus comhoibriú maidir le coinníoll tar éis COVID-19 (COVID fadmharthanach)** 6586/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na hÍsiltíre*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ó thoscaireacht na hÍsiltíre maidir le comhordú agus comhoibriú i ndáil le Covid fadmharthanach mar a leagtar amach in 6586/23 í, agus maidir le hidirghabhálacha ó roinnt toscaireachtaí agus ón gCoimisiún.

**d) Ganntanais cógas i margadh an Aontais[4]** 6672/1/23 REV 1
*Faisnéis ó thoscaireacht na Seicia, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na Cipire, na Gréige, na hIodáile, na hÍsiltíre, na Liotuáine, Mhálta, na hOstaire, na Portaingéile, na Slóivéine agus na hUngáire*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ó thoscaireacht na Seicia, le tacaíocht ó thoscaireacht na Cipire, na Gréige, na hIodáile, na hÍsiltíre, na Liotuáine, Mhálta, na hOstaire, na Portaingéile, na Slóivéine agus na hUngáire, maidir leis an nganntanas cógas i margadh an Aontais agus maidir le hidirghabhálacha ó roinnt toscaireachtaí agus maidir leis an bhfreagairt ón gCoimisiún agus ón nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach.

---

4 Agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin EMA i láthair.

**IARSCRÍBHINN**

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'B' a leagtar amach in 7050/22**

**Maidir le mír 8 ar liosta na míreanna 'B':** **Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais Eorpaigh**
*Malartú tuairimí*

**Ráiteas ÓN mBULGÁIR, ÓN LIOTUÁIN, ÓN bPOLAINN, AGUS ÓN UNGÁIR a bhaineann le frithbhearta leighis a sholáthar ar an leibhéal Eorpach, agus i gcomhthéacs na Straitéise Sláinte Domhanda chomh maith, agus an taithí ar an gComhaontú maidir le vacsaíní COVID-19 le Pfizer Inc. agus BioNTech Manufacturing GmbH á cur san áireamh, lena n-áirítear an cúigiú leasú atá beartaithe**

'Maidir le frithbhearta leighis a sholáthar ar an leibhéal Eorpach, agus i gcomhthéacs na Straitéise Sláinte Domhanda, cuirimid, na hAirí Sláinte a bhfuil ár n-ainmneacha sínithe anseo thíos, chun suntais gur gá riachtanais, saintréithe agus acmhainní buiséadacha na mBallstát uile a urramú.

Sa chomhthéacs sin, cuirimid in iúl gur cúis mhór imní dúinn na tograí atá molta sa chúigiú Leasú atá beartaithe ar chomhaontú vacsaíní Pfizer. Dar linne, ní réiteach cinntitheach cothrom ar na fadhbanna a bhaineann le barrachas vacsaíní in aghaidh COVID-19 atá sna tograí seo agus ní chomhlíonann siad riachtanais na gcóras cúraim sláinte, riachtanais na saoránach ná leasanna airgeadais na mBallstát.

Tuigimid go bhfuil Ballstáit ann atá sásta gach dáileog atá beartaithe a ghlacadh agus urramaímid go hiomlán riachtanais agus leasanna na dtíortha ar mian leo aontú don chúigiú Leasú atá beartaithe. Níl sé i gceist go ndéanfadh ár bhfreasúra in aghaidh an aontachais dochar do na tíortha sin.

Ag an am céanna, iarraimid ar an gCoimisiún Eorpach agus ar Pfizer réitigh a ullmhú a chuirfidh fíorfhreagairt ar riachtanais sláinte náisiúnta ar fáil, agus a rachaidh chun tairbhe do chórais náisiúnta cúraim sláinte na mBallstát uile. Níor cheart aon duine a fhágáil chun deiridh.

Leis an leasú atá le teacht, ba cheart leas poiblí agus airgeadais na mBallstát uile a léiriú. Ba cheart don Choimisiún deiseanna a lorg chun tuilleadh caibidlíochta a dhéanamh le Pfizer, go háirithe maidir le híocaíochtaí neamhsheachadta, líon na ndáileog conraithe a laghdú, nó gníomhú as a stuaim féin agus barrachas vacsaíní a cheannach ó na Ballstáit chun iad a dheonú do réigiúin atá i ngátar.

Iarraimid ar an gCoimisiún, agus é ag gníomhú thar ár gceann, socrú nua níos cothroime a chaibidil ar mhaithe le leas an phobail. Chuige sin, tá gá le laghdú suntasach ar líon na ndáileog, bunaithe ar na cainníochtaí a theastaíonn ó na Ballstáit. Nílimid sásta glacadh le soláthairtí a sháraíonn riachtanais na mBallstát agus nach bhfuil ag teastáil ón na Ballstáit, go háirithe in éagmais soiléireacht rialála maidir le húsáid leanúnach teanndáileog bhreise. Ina theannta sin, cuirimid i dtreis gur ualach díréireach airgeadais é an 'táille solúbthachta' atá beartaithe agus go gcruthaítear saincheisteanna dlíthiúla leis.

Iarraimid ar Pfizer muinín a choinneáil sa phróiseas vacsaínithe, a chuid freagrachtaí i dtaobh shaoránaigh an Aontais agus na mBallstát a ghabháil chuige agus gníomhú de mheon macánta i dtreo réitigh atá cothrom do chách: in ainm an leasa choitinn, agus ní hamháin leas lucht gnó.

Is é an tsláinte phoiblí an leas sáraitheach atá againn, agus ba cheart dúinn go léir gníomhú ina ainm: Na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach agus Pfizer. Ba cheart é sin a chur san áireamh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda araon.'

---

❶ An chéad léamh

F2 Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún